An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

## Náiscoil an Bhaile Bhoicht
## An tIúr

## Dáta na Cigireachta: Eanáir 2009

**FAISNÉIS STAITISTIÚIL**

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil an Bhaile Bhoicht |
| **Seoladh:** | Ionad Pobail Baracroft<br>Cnoc Uí Dheoráin<br>AN TIÚR<br>BT35 8EJ |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 12 Eanáir 2009 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | |

**1. <u>Sonraí faoi na Páistí</u>**

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 9 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 6 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 6 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 0 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 0 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 0 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 0 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán* | 90% | - |

* Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| **Líon:** | **Lánaimseartha** | **Páirtaimseartha** |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 0 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 1 | 0 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 1 | 0 |

| **Líon:** ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| **Fad ama sheisiún na maidine** | **Fad ama sheisiún an tráthnóna** | **Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe** |
|---|---|---|
| 3½ huaire an chloig | 1 huaire an chloig | 176 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 9 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 77.8% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 1 |

## NAÍSCOIL AN BHAILE BHOICHT, AN tIÚR, CO AN DÚIN, BT35 8EJ (5AB-0551)

## RÉAMHRÁ

1. Tá Naíscoil an Bhaile Bhoicht suite in Ionad Pobail Barcroft i lár an Iúir. Is ó cheantar mór máguaird a thagann na páistí. Tráth na cigireachta bhí cúntóir sealadach amháin ag tabhairt tacaíochta don cheannaire.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí, don fhoireann agus don ghrúpa bainistíochta barúlacha a nochtadh faoin Naíscoil. Cuireadh na barúlacha sin san áireamh mar chuid den chigireacht. D'fhreagair formhór na dtuismitheoirí an ceistneoir agus scríobh duine amháin acu tuairimí breise. Is é an tuairim a bhí ag na tuismitheoirí a d'fhreagair go raibh siad thar a bheith sásta le caighdeán an oideachais. Tá caighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim san naíscoil sásúil. Léiríonn an fhoireann go bhfuil a n-aird ar leas na bpáistí agus tá caidreamh maith oibre idir daoine ag gach leibhéal. Caithfear tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh leis na tuismitheoirí nuair a dhéanfar athbhreithniú ar pholasaithe a bhaineann le frithbhulaíocht agus le dlúthchúram pearsanta. Tá socruithe sásúla ag an Naíscoil leis na páistí a choinneáil sábháilte. Léirítear sna socruithe go ginearálta an treoir a d'eisigh na Ranna a bhfuil baint acu leo ach caithfear freastal a dhéanamh ar an mhionréimse seo a leanas:

- a chinntiú go mbeidh go leor mioneolais sna polasaithe a chuirfear ar fáil do na tuismitheoirí.

3. Cuireann an Naíscoil béim mhór ar mhodhanna le nósanna sláintiúla itheacháin agus gníomhaíocht choirp a chur chun cinn, agus tá polasaithe agus cláir éifeachtacha aici chun páistí a spreagadh le stíl bheatha shláintiúil a bheith acu.

## CAIGHDEÁN AN OIDEACHAIS A SHOLÁTHRAÍTEAR

4. Tá atmaisféar sona socair sa Naíscoil; agus bíonn iompar na bpáistí an-mhaith. Baineann eagraíochtaí eile úsáid as seomraí na Naíscoile agus dá bhrí sin caithfear an troscán agus an trealamh súgartha a leagan amach agus a stóráil go rialta. Bíonn an fhoireann ag obair go crua le timpeallacht tharraingteach a chruthú do na páistí; tá smaointeoireacht déanta ar an dóigh le sanáiteanna súgartha a leagan amach, agus baintear úsáid mar is cuí as saothar ealaíne na bpáistí, as póstaeir agus as áit sainspéise le taispeántais dhathannacha a chruthú timpeall an tseomra súgartha.

5. Bíonn an fhoireann ag obair go crua le caidreamh dearfach cairdiúil a chothú idir iad féin agus na tuismitheoirí agus úsáideann siad modhanna éagsúla lena gcoinneáil eolach ar ghnéithe den soláthar oideachais agus ar dhul chun cinn agus ar fhorbairt na bpáistí.

6. Ós rud é go n-eagraítear an clár ama laethúil ar dhóigh thuisceanach, bíonn luas líofa faoi obair an lae agus cothromaíocht mhaith idir saorshúgradh agus gníomhaíochtaí a bhíonn faoi stiúir daoine fásta.

7. Tá an fhoireann i ndiaidh tús maith a chur le forbairt na pleanála scríofa. Baintear úsáid as téamaí oiriúnacha leis na páistí a chur i mbun gníomhaíochtaí suimiúla éagsúla agus cineálacha spéisiúla éagsúla taithí a thabhairt dóibh i rith an bliana. Is cóir don fhoireann tuilleadh forbartha a dhéanamh anois ar ghnéithe den phleanáil le go n-aimseofar níos soiléire

an phríomhchuid den teanga atá le sealbhú agus an príomhábhar foghlama atá le teagasc i ngach réimse agus le go gcuirfear níos mó béime fosta ar fhreagairtí aonair na bpáistí chun go gcuirfear iad san áireamh agus pleanáil ar siúl amach anseo.

8. Is daoine cairdiúla tacúla iad an fhoireann agus is léir go mbaineann siad sult as bheith páirteach leis na páistí agus iad ag súgradh. Is minic iad ag comhrá leis na páistí agus ag moladh a gcuid iarrachtaí agus á spreagadh. Le linn na cigireachta bhí uaireanta ann nuair a bhí súgradh buan ann agus deiseanna éifeachtacha foghlama de bharr go raibh an fhoireann páirteach. Ach uaireanta eile, agus iad páirteach i ngníomhaíochtaí na bpáistí, bhí a ról rótheoranta agus dá bharr sin chaill na páistí roinnt deiseanna le foghlaim a dhéanamh agus teanga a shealbhú. Caithfidh an fhoireann éirí níos oilte ar mhodhanna leis na féidearthachtaí a aithint a bhaineann le gach ábhar agus gach acmhainn sa dóigh go mbeidh siad in ann gach deis a thabhairt do na páistí foghlaim a dhéanamh agus teanga a shealbhú.

9. I gclár na Naíscoile tugtar deiseanna sásúla foghlama do pháistí i mbunús réimsí an churaclaim réamhscolaíochta. Léiríonn na pointí a leanas gnéithe sonracha den chlár.

- Bíonn cuma shona ar na páistí i dtimpeallacht na háite. Bunús an ama bíonn na páistí socair agus iad i mbun súgartha a bhfuil cuspóir leis. Bíonn deiseanna ag na páistí i rith an tseisiúin bheith ag obair ina n-aonair, i mbeirteanna agus i ngrúpaí le páistí eile dá n-aois féin.

- Tá na páistí ag foghlaim scileanna iomchuí láimhsithe agus iad ag úsáid réimse uirlisí beaga agus trealaimh. Bíonn deiseanna rialta ann ar shúgradh fisiciúil agus réimse bunúsach acmhainní in úsáid. Tá an Naíscoil ábalta úsáid a bhaint as an pháirc súgartha phobail atá taobh léi.

- Bíonn deiseanna rialta ag na páistí ar bheith ag péinteáil agus ag baint triail as réimse ábhar ealaíne a chuirtear ar fáil. Is mór ag an fhoireann saothar na bpáistí agus cuireann siad ar taispeáint é ar fud na Naíscoile.

- Baineann na fhoireann úsáid mhaith as na deiseanna súgartha le cur leis an fhorbairt a dhéantar ar scileanna comhrá na bpáistí. Ach, faoi láthair, tá barraíocht den idirghníomhaíocht ar siúl i mBéarla. Tráth na cigireachta bhí cúntóir sealadach amháin, nach raibh ach fíorbheagán Gaeilge aici, ag tabhairt tacaíochta don cheannaire. Caithfidh an fhoireann a chinntiú gurb í an Ghaeilge teanga oibre na Naíscoile. Cuireann na páistí buneolas ar théacs go teagmhasach ó na teidil atá ar taispeáint thart ar an seomra agus tá cuid acu ábalta a n-ainmneacha féin a aithint. Spreagann an fhoireann na páistí le spéis a chur i leabhair agus uaireanta baineann siad úsáid mhaith as leabhair le suim agus samhlaíocht na bpáistí a mhúscailt. I rith an tseisiúin d'úsáid an fhoireann rainn agus amhráin ghníomhaíochta Ghaeilge agus is léir gur bhain na páistí sult astu. Caithfear athbhreithniú a dhéanamh ar an seisiún scéalaíochta le go ndéanfar forbairt agus leathnú ar scileanna teanga na bpáistí. Tá an ceannaire i ndiaidh freastal, mar is cuí, ar chúrsa Gaeilge do bhaill foirne naíscoileanna a d'eagraigh Comhairle na Gaelscolaíochta.

- Uaireanta úsáideann an fhoireann na leaganacha teanga is cuí le haghaidh na matamaitice agus iad páirteach i súgradh na bpáistí. Caithfidh siad úsáid níos fearr a bhaint as na deiseanna a thugtar i rith an tseisiúin le go gcuirfear tuilleadh feabhais ar an ghné sin d'fhorbairt na bpáistí.

- Baintear úsáid as topaicí séasúracha agus as cuairteanna ar áiteanna ar díol spéise iad chun cur le heolas na bpáistí ar an saol ina dtimpeall agus chun suim sa saol sin a mhéadú iontu. Faoi láthair tá na deiseanna forbartha le haghaidh shúgradh le gaineamh agus uisce teoranta agus níor baineadh leas astu.

10. Déanann an fhoireann taifeadadh rialta ar na dóigheanna a mbíonn páistí ag freagairt agus iad ag súgradh agus tá córas iomchuí ann le faireachán, luacháil agus taifeadadh a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí. Caithfidh an fhoireann a chinntiú go bhfuil ceangal soiléir idir an bhreathnóireacht a dhéantar agus pleanáil an chláir le go ndéanfar freastal ar riachtanais éagsúla na bpáistí uile agus ar na nithe a bhfuil spéis acu iontu.

11. Tá an Naíscoil i ndiaidh roinnt nasc úsáideach a chruthú idir í féin agus an bhunscoil lán-Ghaeilge áitiúil, áit a rachaidh formhór na bpáistí. Tá sé beartaithe ag an fhoireann tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na naisc sin sa dóigh go gcuirfear eolas ar fáil faoi dhul chun cinn na bpáistí agus lena chinntiú go n-aistreoidh na páistí gan stró isteach i mbliain 1.

12. Léiríonn an ceannaire go bhfuil rún daingean aici obair na Naíscoile a fhorbairt. Tá láidreachtaí san obair atá déanta ag saineolaí oideachais luath-óige na Naíscoile, agus ina measc tá na pleananna gníomhaíochta is déanaí ina dtugtar tús áite, mar is cuí, do na réimsí tábhachtacha sin in obair na Naíscoile atá le feabhsú. Is tábhachtach go leanfaidh an saineolaí oideachais luath-óige de bheith ag obair go dlúth i gcomhar leis an fhoireann le go dtabharfar faoi na príomhréimsí sin atá le feabhsú. Níor chuir an fhoireann tús go fóill le próiseas féinmheastóireachta a fhorbairt. Faoi láthair níl coiste iomlán ag an Naíscoil le cuidiú a thabhairt don fhoireann agus iad ag obair agus ag tabhairt aire do na páistí.

13. Tá caighdeán na cóiríochta sásúil. Coinnítear bail mhaith ar an Naíscoil.

14. Tá soláthar bunúsach acmhainní agus trealaimh ann. Tá acmhainní breise de dhíth le haghaidh gach réimse den chlár le go mbeidh tacaíocht ann agus clár níos forásaí á chur i bhfeidhm a dhéanfaidh freastal ar riachtanais na bpáistí i rith na bliana.

**15. Ar bhuanna na Naíscoile tá:**

- an fhoireann charthanach thacúil a oibríonn go crua le timpeallacht shuimiúil foghlama a chruthú do na páistí;

- an caidreamh maith oibre atá idir na páistí agus an fhoireann;

- an bhéim a chuirtear ar chur chun cinn fhorbairt phearsanta, shóisialta, mhothúchánach agus chruthaitheach na bpáistí;

- na modhanna cuí ina ndéantar measúnú ar fhorbairt agus ar dhul chun cinn na bpáistí; agus

- an dóigh líofa a n-eagraítear an clár ama laethúil.

16. **Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Agus í ag tabhairt faoin chuid is tábhachtaí de na réimsí sin, caithfidh an fhoireann:**

- leanúint de bheith ag éirí níos inniúla ar labhairt na Gaeilge le go mbeidh siad níos éifeachtaí agus iad ag idirghníomhú leis na páistí i nGaeilge;

- tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhodhanna pleanála le go n-aimseofar níos soiléire torthaí na foghlama a bheartófar le haghaidh na ngníomhaíochtaí pleanáilte; agus

- réimse na n-acmhainní a fheabhsú sa churaclam uile le go gcuirfear clár dúshlánach ar fáil ina mbeidh dul chun cinn leanúnach i rith na bliana.

17. I mbunús na réimsí a ndearnadh cigireacht orthu tá caighdeán an oideachais a sholáthraíonn an Naíscoil seo sásúil; is treise na láidreachtaí ná na réimsí sa soláthar a bhfuil feabhsú uathu. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú a bhaineann le teagasc agus foghlaim agus ar gá tabhairt fúthu má tá freastal níos éifeachtaí le déanamh ar riachtanais gach foghlaimeora. Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na Naíscoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

**FOSCRÍBHINN**

1. Tráth na cigireachta níor daingníodh doras iontrála an ionaid phobail agus an príomhdhoras isteach chuig an Naíscoil.

2. Faoi láthair tá an Naíscoil ag feidhmiú agus gan aici ach grúpa teoranta bainistíochta. Go dtí seo níor líonadh ach post an chathaoirligh.

Caithfear tabhairt faoin dá cheist sin go práinneach.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2009

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk